Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht

**An Bhruiséil, 19 Márta 2026**

**CM 2086/26**

**COAFR**
**CFSP/PESC**
**CSDP/PSDC**
**DEVGEN**
**MIGR**
**GLOBAL GATEWAY**
**ACP**
**POLCOM**
**COMER**
**CLIMA**
**DIGIT**
**ENER**
**COHAFA**
**PROCED**

# TEACHTAIREACHT

## AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN

| | |
|---|---|
| Teagmháil: | coafr@consilium.europa.eu |
| Teil/Facs: | n/a |
| Ábhar: | Idirphlé Aireachta idir an Nigéir agus an tAontas (an 23 Márta 2026, Abuja) — Dréacht-Ráiteas Comhphháirteach<br>- Toradh ar an nós imeachta i scríbhinn |

Cuirtear in iúl do na toscaireachtaí go ndearnadh an nós imeachta i scríbhinn, ar cuireadh tús leis le CM 2085/26 an 18 Márta 2026, a thabhairt i gcrích an 19 Márta 2026 ar 14.00 (CET), agus gur aontaigh na toscaireachtaí an méid seo a leanas a dhéanamh:

- an Dréachtráiteas Comhpháirteach don Idirphlé Aireachta idir an Nigéir agus an tAontas, mar a leagtar amach in 7398/26 é, a fhormheas
- más gá tuilleadh coigeartuithe a dhéanamh ar an ionstraim neamhcheangailteach, gur féidir í a leasú dá réir ar choinníoll nach ndéanfaidh na hathruithe difear do shubstaint ná d’intinn an téacs.

Dá bhrí sin, formheasann an Chomhairle an Ráiteas Comhpháirteach thuas.

Atáirgtear an ráiteas ón Ungáir san Iarscríbhinn a ghabhann leis an CM seo.

Déanfar an ráiteas thuas a áireamh san achoimre ar ghníomhartha arna nglacadh tríd an nós imeachta i scríbhinn mar ráitis atá le cur isteach i miontuairiscí na Comhairle, i gcomhréir leis an tríú fomhír d’Airteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle.

**IARSCRÍBHINN**

## Ráiteas Náisiúnta ón Ungáir maidir leis an Ráiteas Comhpháirteach ón Ochtú hIdirphlé Aireachta idir an tAontas agus an Nigéir

Ní chuireann an Ungáir i gcoinne ghlacadh an Ráitis Chomhpháirtigh ón Ochtú Idirphlé Aireachta idir an tAontas agus an Nigéir (in Abuja, an 23ú Márta 2026) de mheon an chomhréitigh agus na dlúthpháirtíochta.

Ní mheasfaidh an Ungáir gur beartas comhaontaithe de chuid an Aontais é an téacs a bhaineann leis an Úcráin i mír 6, agus dá bhrí sin, níl sé le macasamhlú mar fhriotal comhaontaithe i ndoiciméid de chuid an Aontais amach anseo.